
Comhairle an
Aontais Eorpaigh


# TIMTHRIALL BEARTAIS AN AONTAIS I GCOINNE NA COIREACHTA IDIRNÁISIÚNTA TROMCHÚISÍ EAGRAITHE

EMPACT

# TIMTHRIALL BEARTAIS AN AONTAIS I GCOINNE NA COIREACHTA IDIRNÁISIÚNTA TROMCHÚISÍ EAGRAITHE

Is éard é an timthriall beartais modheolaíocht a ghlac an tAontas Eorpach sa bhliain 2010 chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí coiriúla ba mhó a bhí ag déanamh tinnis don Aontas. Ceithre bliana a mhaireann gach timthriall ina bhféachtar le barr feabhais a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú a dhéantar ar thosaíochtaí éagsúla i leith na coireachta. Bunaithe ar fhaisnéis coiriúlachta a bhíonn na bagairtí coiriúla a shainaithnítear; déantar iad a chomhaontú ina dhiaidh sin ar an leibhéal polaitiúil. Le linn an timthrialla, iarrtar ar na seirbhísí agus ar na geallsealbhóirí uile lena mbaineann, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, a gcuid acmhainní a leithdháileadh agus a ndua a chur chun leasa a chéile. Coinnítear súil ghéar freisin ar bhagairtí nach bhfuil ach i dtús tuismidh ionas gur féidir cur ina ngleic ar bhealach éifeachtach.



## CÉIMEANNA ÉAGSÚLA AN TIMTHRIALLA BEARTAIS




### Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA)

Cuireann *Europol* an measúnú, SOCTA, i dtoll a chéile ar bhonn sonraí ó údaráis fhorfheidhmithe dlí sna Ballstáit éagsúla agus ó bhunachair sonraí dá chuid féin, agus freisin ar bhonn sonraí ó ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais amhail *Frontex, Eurojust* agus EMCDDA, ó thríú tíortha comhpháirtíochta agus ó thríú pháirtithe príobháideacha, agus ar bhonn sonraí ó fhoinsí oscailte. Is éard atá in SOCTA:

- anailís ar a bhfuil ag bagairt ar an Aontas, san am i láthair agus san am atá le teacht, de dheasca na coireachta tromchúisí eagraithe,
- sraith de thosaíochtaí inmholta i leith na coireachta.




### Tosaíochtaí i leith na coireachta agus Pleananna Straitéiseacha Ilbhliantúla (MASPanna) a thoghadh

Is faoi bhreith an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) a chuirtear tosaíochtaí inmholta SOCTA. Ar an mbonn sin, glacann na hAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) sa Chomhairle tosaíochtaí an timthrialla beartais sin, a sheasfaidh go ceann 4 bliana, agus barúlacha na mBallstát, na ngníomhaireachtaí éagsúla agus an Choimisiúin á gcur san áireamh acu, mar aon le measúnuithe ábhartha eile agus beartais ábhartha eile.

Ina dhiaidh sin, tugann an Coimisiún ionadaithe na mBallstát agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí CGB agus ó institiúidí an Aontais le chéile chun plean straitéiseach ilbhliantúil a chur i dtoll a chéile, plean a mhairfidh 4 bliana; bíonn MASP dá chuid féin ag gabháil le gach uile thosaíocht agus dréachtaítear freisin MASP ginearálta cothrománach a chinntíonn comhsheasmhacht agus a éascaíonn dréachtú na bpleananna straitéiseacha ilbhliantúla. Áirítear liosta de chuspóirí ginearálta ("spriocanna straitéiseacha") sa phlean straitéiseach ilbhliantúil, cuspóirí is ceart a bhaint amach i gcaitheamh an timthrialla beartais. Is é COSI a fhaomhann na pleananna straitéiseacha ilbhliantúla sin.

3 Cur chun feidhme agus faireachán
OAP

## Pleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin (OAPanna) agus tuarascáil ó na Tionscnóirí

Is trí Phleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin (OAPanna) a chuirtear chun feidhme MASPanna; ceann in aghaidh na bliana, de réir ábhar tosaíochta. Ionadaithe ó na Ballstáit rannpháirteacha agus ó institiúidí agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais a chuireann i dtoll a chéile iad. Is é COSI a fhaomhann na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin sin.

Áirítear ar OAPanna, gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun i gcomhpháirt ag na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí éagsúla, agus freisin gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag na gníomhaireachtaí iad féin agus ag na Ballstáit iad féin go leithleach. Is i gcáil tionscadal EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) a chuirtear i gcrích na gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Fónann na tionscadail sin chun struchtúr a chur ar an gcomhair idir na Ballstáit ábhartha, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus tríú páirtithe.

"Tionscnóir" ón mBallstát a ghabh mar chúram air an tosaíocht a stiúradh a bhíonn i bhfeighil ar OAP a chur chun feidhme; Comhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT (NECanna) a dhéanann maoirseacht ar an gcur chun feidhme sin ar an leibhéal náisiúnta.

Cuireann Foireann Tacaíochta EMPACT (EST), foireann de chuid *Europol*, tacaíocht riaracháin agus tacaíocht lóistíochta ar fáil do na tosaíochtaí sin i leith na coireachta. Tugann *Europol* air féin Bainisteoirí Tacaíochta EMPACT a ainmniú freisin ionas go gcuirtear tacaíocht oibriúcháin ar fáil maidir le tosaíochtaí uile na coireachta.

Is é COSI a fhaomhann na OAPanna agus is é a dhéanann faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna sin trí bhíthin tuarascálacha a fhaightear ó na Tionscnóirí, gach 6 mhí, tríd an bhFoireann Tacaíochta.

4 Meastóireacht
Athbhreithniú agus measúnú

## Athbhreithniú ag an gCoimisiún agus measúnú eatramhach

A bhuí le tuarascálacha bliantúla na dTionscnóirí agus le measúnú eatramhach ó *Europol*, bíonn deis ann MASPanna, nó más gá, na tosaíochtaí féin, a mhodhnú nó a chur in oiriúint. Lena chois sin, déanann COSI measúnú meántéarmach agus measúnú deiridh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí, féachaint an bhfuil na spriocanna straitéiseacha á mbaint amach agus ag féachaint le feabhas a chur ar an gcur chun feidhme oibríochtúil. Déanann an Coimisiún meastóireacht neamhspleách chríochnúil ag deireadh an timthrialla beartais. An múineadh a bhaintear as an meastóireacht sin, fónann sé mar bhunús don chéad timthriall beartais eile.

## TOSAÍOCHTAÍ AN AONTAIS I LEITH NA COIREACHTA 2018-2021 (a glacadh i mí Bealtaine 2017)

### DUL CHUN COMHRAIC

- Leis an gcibearchoireacht, agus go háirithe le hionsaithe ar chórais faisnéise, bac a chur ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus ar chalaois ar íocaíochtaí neamhairgid.
- Le táirgeadh agus le dáileadh cannabais, cócaoin, hearóine, agus leis an ngáinneáil ar na drugaí sin.
- Le táirgeadh agus le dáileadh substaintí nua sícighníomhacha agus drugaí sintéiseacha, agus leis an ngáinneáil ar na drugaí sin.
- Le héascú na hinimirce neamhrialta trí sheirbhísí éascaíochta a sholáthar d'imircigh neamhrialta feadh na bpríomhbhealaí imirce ar theorainn sheachtrach an Aontais agus laistigh den Aontas araon, agus aghaidh ar leith á tabhairt ar na grúpaí sin a chuireann beatha daoine i mbaol, orthu siúd a chuireann seirbhísí ar fáil ar líne agus a bhaineann sochar as calaois doiciméad mar chuid den tsamhail ghnó atá acu.
- Leis an gcoireacht eagraithe mhaoine a bhíonn ar bun ag grúpaí coiriúla atá ríluaineach agus rí-eagraithe, ar grúpaí iad a thugann faoi ghadaíocht agus faoi bhuirgléireacht eagraithe ó cheann ceann an Aontais.
- Leis an ngáinneáil a dhéantar ar dhaoine san Aontas le haghaidh gach cineál teacht i dtír, teacht i dtír gnéasach agus teacht i dtír ar lucht saothair san áireamh, mar aon le gach cineál gáinneála ar leanaí.
- Leis an gcalaois cánach agus le calaois an trádálaí ar iarraidh laistigh den Chomhphobal (MTIC).
- Leis an ngáinneáil aindleathach ar arm tine, agus le dáileadh agus úsáid na n-arm tine sin.
- Leis an gcoireacht chomhshaoil, go háirithe an gháinneáil ar an bhfiadhúlra agus an gháinneáil aindleathach ar dhramhaíl.
- Leis an airgeadas coiriúil agus le sciúradh airgid, agus aisghabháil sócmhainní a éascú.
- Le calaois doiciméad san Aontas, go háirithe le grúpaí coireachta eagraithe a tháirgeann doiciméid chalaoiseacha agus bhréagacha agus a chuireann na doiciméid sin ar fáil do choirpigh eile.

## DOICIMÉID TAGARTHA

Ar fáil ar shuíomh na Comhairle ach tagairt d'uimhir na ndoiciméad thíos:

www.consilium.europa.eu/ga > Doiciméid & Foilseacháin

- Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúísí idir 2018 agus 2021 (doc. 9450/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint le Timthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach don tréimhse 2018-2021 (doc. 7704/17)
- Téarmaí tagartha thimthriall beartais an Aontais (doc. 10544/2/17 REV 2)

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 (0)2 281 61 11
**www.consilium.europa.eu**

**Bí i dteagmháil linn:**

Má tá ceist agat faoi *EMPACT*, seol ríomhphost chuig *Europol*:
empact@europol.europa.eu

Má tá ceist ar bith eile agat faoin timthriall beartais, seol ríomhphost chuig Ardrúnaíocht na Comhairle:
cosi@consilium.europa.eu

**Tuilleadh eolais anseo:**

http://consilium.europa.eu/ga/policies/eu-fight-against-organised-crime-2018-2021/

© An tAontas Eorpach, 2018

ISBN 978-92-824-6481-6
doi:10.2860/766031
QC-04-18-775-GA-N

Oifig na bhFoilseachán